Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Bealtaine 2023**
**(OR. en)**

**8888/23**

**ENFOCUSTOM 50**
**ENFOPOL 217**
**JAI 547**
**COSI 77**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 8616/23 |
| Ábhar: | Dréacht-Rún ón gComhairle maidir le comhar custaim i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an méid a chuidíonn sé le slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh<br>– Formheas |

1. Chun na forbairtí i réimse na slándála inmheánaí a tharla le 10 mbliana anuas a léiriú, chinn an Uachtaránacht dréachtrún ón gComhairle a ullmhú maidir le comhar custaim i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an méid a chuidíonn sé le slándáil inmheánach an Aontais.

2. Cuireann an Dréacht-Rún ón gComhairle leis an Rún a bhí ann roimhe seo ón 12 Nollaig 2011 (2012/C 5/01) agus sainítear ann ceithre phríomhchuspóir atá le cur chun feidhme ag an Straitéis maidir le comhar custaim i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an méid a chuidíonn sé le slándáil inmheánach an Aontais Eorpaigh (8617/23): 1) Cumas na n-údarás custaim a neartú chun coireacht trasteorann a chomhrac, 2) feabhas a chur ar an malartú faisnéise (lena n-áirítear le húdaráis forfheidhmithe dlí eile ), 3) feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann, lena n-áirítear oibríochtaí comhpháirteacha agus 4) feabhas a chur ar anailís faisnéise agus riosca agus ar an idir-inoibritheacht idir córais faisnéise custaim agus ceartais agus gnóthaí baile.

3. Pléadh an dréachtrún ón gComhairle sa Mheitheal um Fhorfheidhmiú an Dlí — Custaim an 10 Eanáir, an 8 Márta agus an 12 Aibreán 2023 agus ós rud é nach bhfuarthas aon bharúlacha suntasacha sa chomhairliúchán i scríbhinn ina dhiaidh sin, chomhaontaigh an Mheitheal an Rún.

4. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an dréachtrún ón gComhairle maidir le comhar custaim i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus an méid a chuidíonn sé le slándáil inmheánach an Aontais, mar a leagtar amach in 8616/23 é, a fhormheas.